2024/734

29.2.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/734 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Feabhra 2024

lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défeitialón agus flocúmaifein lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun feidhme (AE) 2017/1381 ón gCoimisiún ([2]), Rialachán Cur Chun feidhme (AE) 2017/1380 ón gCoimisiún ([3]), Rialachán Cur Chun feidhme (AE) 2017/1377 ón gCoimisiún ([4]), Rialachán Cur Chun feidhme (AE) 2017/1378 ón gCoimisiún ([5]), Rialachán Cur Chun feidhme (AE) 2017/1379 ón gCoimisiún ([6]), Rialachán Cur Chun feidhme (AE) 2017/1382 ón gCoimisiún ([7]) agus Rialachán Cur Chun feidhme (AE) 2017/1383 ón gCoimisiún ([8]), déantar bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défeitialón agus flocúmaifein a fhormheas mar substaintí gníomhacha lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 (creimiricídí) faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ('na formheasanna').

(2) Tá na formheasanna le dul in éag an 30 Meitheamh 2024. I gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, cuireadh iarratais faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') chun na formheasanna a athnuachan ('na hiarratais'). Is iad údaráis inniúla na Danmhairge, na Fionlainne, na Fraince, na hÍsiltíre, na hIorua agus na Spáinne a dhéanann meastóireacht ar na hiarratais.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1381 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas ar bhródafacúm mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1381/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1380 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas ar bhrómaidhé-ólón mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1380/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1377 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas ar chlórafaicineon mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1377/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1378 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas ar chúmaiteitrilil mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1378/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1379 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas ar dhéfheanacúm mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1379/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1382 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas ar dhéfeitialón mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1382/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1383 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas ar fhlocúmaifein mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1383/oj).

(3) Chuir na húdaráis inniúla mheastóireachta in iúl don Choimisiún ([9]) go raibh cinneadh déanta acu, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go raibh gá le meastóireacht iomlán ar na hiarratais. De bhun Airteagal 8(1) den Rialachán sin, tá an t-údarás inniúil meastóireachta le meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas laistigh de 365 lá tar éis a bhailíochtaithe.

(4) Féadfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta, de réir mar is iomchuí, é a chur de cheangal ar an iarratasóir sonraí leordhóthanacha a sholáthar chun an mheastóireacht a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Sa chás sin, cuirfear an tréimhse 365 lá ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá ar an iomlán ach amháin má tá údar maith le fionraí níos faide mar gheall ar nádúr na sonraí a iarrtar nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla.

(5) Laistigh de 270 lá tar éis di moladh a fháil ó na húdaráis inniúla mheastóireachta, déanfaidh an Ghníomhaireacht tuairim maidir le hathnuachan fhormheas na substainte gníomhaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) An 25 Deireadh Fómhair 2023 chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún ar an eolas go bhfuil sé beartaithe ag na húdaráis inniúla mheastóireachta a dtuarascálacha measúnaithe agus conclúidí a gcuid meastóireachta a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta sa tríú ráithe de 2024.

(7) Aicmítear bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défeitialón agus flocúmaifein i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) mar shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, agus mar sin comhlíonann siad an critéar maidir le heisiamh a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Ina theannta sin, comhlíonann na substaintí bródafacúm, brómaidhé-ólón, défheanacúm, défeitialón agus flocúmaifein na critéir i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) maidir le bheith marthanach, bithcharnach agus tocsaineach, agus mar sin comhlíonann siad an critéar maidir le heisiamh a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Chomh maith leis sin, comhlíonann na substaintí défeitialón agus flocúmaifein na critéir i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar shubstaintí atá an-mharthanach agus an-bhithcharnach, agus mar sin comhlíonann siad an critéar maidir le heisiamh a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(8) De bhun Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012; ní fhéadfar na formheasanna ar bhródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défeitialón agus flocúmaifein a athnuachan ach amháin má tá na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(1) agus na coinníollacha maidir le maolú a leagtar amach in Airteagal 5(2) den Rialachán sin fós á gcomhlíonadh ag an tsubstaint ghníomhach.

(9) Beidh gá le pléití le hionadaithe na mBallstát chun cinneadh a dhéanamh an gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 go fóill agus an bhféadfar formheas bhródafacúim, bhrómaidhé-ólóin, chlórafaicineoin, cúmaiteitrilile, défheanacúim, défeitialóin agus flocúmaifeine a athnuachan dá bhrí sin.

([9]) Chuir údarás inniúil meastóireachta na Danmhairge an Coimisiún ar an eolas an 9 Samhain 2023 maidir le cúmaiteitrilil, chuir údarás inniúil meastóireachta na Fionlainne ar an eolas é an 27 Márta 2023 maidir le défheanacúm, chuir údarás inniúil meastóireachta na Fraince ar an eolas é an 25 Bealtaine 2023 maidir le brómaidhé-ólón, chuir údarás inniúil meastóireachta na hÍsiltíre ar an eolas é an 23 Deireadh Fómhair 2023 maidir le bródafacúm agus flocúmaifein, chuir údarás inniúil meastóireachta na hIorua ar an eolas é an 1 Samhain 2023 maidir le défeitialón, agus chuir údarás inniúil meastóireachta na Spáinne ar an eolas é an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le clórafaicineon.

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/2014-04-10).

(10) Dá réir sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag na hiarratasóirí orthu, is dócha go rachaidh na formheasanna in éag sula nglacfar cinneadh maidir lena n-athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga na bhformheasanna a chur ar atráth go ceann tréimhse leordhóthanach chun gur féidir scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais. Agus na teorainneacha ama á gcur san áireamh maidir le meastóireacht ó na húdaráis inniúla mheastóireachta, agus maidir leis na tuairimí ón nGníomhaireacht a ullmhú agus a chur isteach, agus an t-am a thógfaidh sé ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh an ndéanfar athnuachan ar an bhformheas maidir leis na substaintí gníomhacha sin lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 á chur san áireamh freisin, ba cheart na dátaí éaga a chur ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2026.

(11) Tar éis dátaí éaga na bhformheasanna a chur ar atráth, beidh bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défeitialón agus flocúmaifein formheasta go fóill lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna hIarscríbhinní a bhaineann lena bhformheasanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dáta éaga an fhormheasa maidir le bródafacúm a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1381, le brómaidhé-ólón a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1380, le clórafaicineon a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1377, le cúmaiteitrilil a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1378, le défheanacúm a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1379, le défeitialón a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1382, agus le flocúmaifein a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1383, lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14, cuirtear ar atráth é go dtí an 31 Nollaig 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN